


**Díol spéise daoibh, a mhúinteoirí:**

Is é aidhm aonaid Pathways scoláirí ó chúlraí éagsúla a spreagadh chun smaoineamh ar a roghanna gairme, ar an bpróiseas cinnteoireachta gairme agus smaoineamh go háirithe ar an teagasc mar shlí bheatha inmhianaithe.

Is tionscnamh de chuid an Tionscadail Conaire iad na haonaid seo, arna maoiniú ag an Údarás um Ard-Oideachas (ÚAO), atá lonnaithe san Institiúid Oideachais, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (OCBÁC).

Tá 3 aonad ann le haghaidh scoláirí an 1ú bliain, a mhaireann thart ar 2 uair an chloig an ceann.

- Aonad 1: Scileanna agus buanna faoi cheilt
- Aonad 2: Straitéisí agus stíleanna
- Aonad 3: Spriocanna agus spreagadh

<u>Roinnt pointí tábhachtacha maidir leis an gcaoi a n-oibríonn aonaid Conairí</u>:

- Tá na sleamhnáin réidh le húsáid sa seomra ranga.
- Tá teacht ar nótaí an mhúinteora chomh maith le treoir céim ar chéim do na gníomhaíochtaí ar gach sleamhnán sa PDF a ghabhann leis seo.

- Tá sé tábhachtach sleamhnáin a thaispeáint sa mhodh léirithe (mura moltar a mhalairt a dhéanamh sna i nótaí an mhúinteora), ós rud é go mbraitheann roinnt gníomhaíochtaí ar bheochan. Más amhlaidh go bhfuil beochan ar shleamhnán, cuirfear é sin in iúl i nótaí an mhúinteora.
- Nuair is i gcló iodálach atá téacs i nótaí an mhúinteora, tugann sé sin le fios gur cheart don mhúinteoir é a úsáid le linn bheith ag caint le scoláirí; aon uair nach bhfuil an téacs i gcló iodálach, d'fhéadfaí glacadh leis gur treoir atá ann don mhúinteoir amháin.
- Is beag ullmhúchán atá ag teastáil ar ábhair. Ó am go chéile, agus ag brath ar do chuid scoláirí, tá de rogha agat fótachóip a dhéanamh de na sleamhnáin roimh an rang. Más gníomhaíochtaí iad atá ullmhú le déanamh ina leith roimh ré, cuirfear é in iúl duit ar Shleamhnán 2 agus sna nótaí sleamhnáin.

Go raibh maith agat as triail a bhaint as na haonaid Conairí!

## Aonad 3: Spriocanna agus spreagadh

**Fad:** Thart ar 2 uair a chloig

### Cuspóirí foghlama molta

Táimid ag foghlaim conas...

- ár spriocanna gairme don todhchaí a aithint
- ár spreagadh intreach agus eistreach a mheas, mar aon leis na tacaíochtaí atá ar fáil
- naisc a dhéanamh lenár scileanna/buanna, stíleanna foghlama agus spriocanna gairme don todhchaí
- machnamh a dhéanamh maidir leis an méid a d'fhoghlaimíomar inár 3 n-aonad Conairí


| Sleamhnáin | Gníomhaíocht | Cad a bheidh ar bun againn? |
|---|---|---|
| 3 | | Réamheolas ar na deilbhíní |
| 4-5 | 1 | An post nó gairm a bhfuilimid ag iarraidh a dhéanamh sa todhchaí a aithint.<br>Ag cruthú siombail dhraíochta chun ár mianta don phost nó gairm atá uainn sa todhchaí |
| 6-7 | 2 | Ag breathnú ar an spreagadh atá ag múinteoirí chun a bpost a dhéanamh<br>Na spreagthaí intreacha agus eistreacha a bhaineann lenár bpost nó lenár ngairm a theastaíonn uainn sa thodhchaí a aithint |
| 8 | 3 | Ag plé naisc lenár scileanna/buanna, stíleanna foghlama agus gairmeacha/spreagthaí don todhchaí |
| 9 | 4 | Imlíne ceachta a phleanáil bunaithe ar rud éigin a d'fhoghlaimíomar sna haonaid seo |
| 10 | 5 | Ag seiceáil isteach leis an cuspóirí foghlama |
| 11 | Ceacht le cois | Ag fáil amach faoi agallaimh is féidir linn a dhéanamh le daoine fásta faoina gcuid post |

### Táscairí Folláine


- Nasctha
- Freagrach
- Athléimneach
- Ardmheas
- Feasach

### Príomh-Scileanna

- Léamh agus scríobh
- Mé féin a bhainistiú
- Ag fanacht ar fónamh
- Ag bainistiú eolais agus ag smaoineamh
- A bheith cruthaitheach
- Ag obair le daoine eile
- Cumarsáid


Aonad 3, Réamheolas
Haigh, is mise Clár.
Deas buaileadh leat!
Tá mé anseo le hinsint duit go mbainimid úsáid as deilbhíní (na pictiúir bheaga thíos) san aonad seo. Cuideoidh siad sin leat an méid a bheidh á dhéanamh agat le linn na ngníomhaíochtaí éagsúla a thuiscint. Bain sult as (agus bí ag foghlaim)!
Obair aonair
Plé ranga
Obair ghrúpa
Léamh
Obair i bpéirí
Gníomhaíocht le cois

**SLEAMHNÁN 3**




**SLEAMHNÁN 4**

**Nótaí an mhúinteora (*Cliceáil le haghaidh dhá bheochan)**

Léigh an téacs atá ar an sleamhnán.

***Cliceáil** chun an stoc 'Ba mhaith liom' a bheochan.

*In Aonad 1, rinneamar spriocanna go luath amach anseo a aithint (Aonad 1, Gníomhaíocht 4). Anois, díreoimid ar mhianta ár gcroí nó ar spriocanna maidir lenár bpost nó gairm bheatha amach anseo.*

*Úsáidtear an focal 'gairm bheatha' nuair a chaithfidh tú freastal ar an ollscoil agus cáilíocht fhoirmiúil a fháil chun an post seo a dhéanamh. Is sampla de ghairm bheatha í an mhúinteoireacht. Na laethanta seo is í an cháilíocht nach mór do dhaoine óga in Éirinn a fháil le bheith ina múinteoirí ná (1) Máistir Gairmiúil le hOideachas (MGO), a mhaireann dhá bhliain agus a dhéantar i ndiaidh na bunchéime (a mhaireann 3-4 bliana ag brath ar an réimse staidéir), nó (2) Baitsiléir san Oideachas (BOid) a mhaireann 4 bliana de ghnáth agus arb í an cháilíocht í do mhúinteoirí bunscoile nó do mhúinteoirí meánscoile a bhfuil ábhair ar leith acu, cuir i gcás Eacnamaíocht Bhaile.*


**NB**: Ag brath ar an rang atá agat, d'fhéadfaí gur mhian leat mionsonraí a roinnt faoi do cháilíocht mhúinteoireachta, faoin ollscoil ar fhreastail tú uirthi agus faoi rud éigin a chuaigh go mór chun spéise leat nó a thaitin leat agus tú i mbun staidéir.

*I do chóipleabhar, scríobh na focail ‘Ba mhaith liom’.*

***Cliceáil** chun gif an deataigh draíochta a bheochan.

*Samhlaigh go mbeadh slat draíochta agat. Le lasc de do shlat draíochta, imíonn aon rud a chuireann bac ort, bíodh siad fíor nó samhailteach, an post seo a fháil nó tabhairt faoin ngairm bheatha seo.*

*Críochnaigh an abairt ‘Ba mhaith liom’.*




**SLEAMHNÁN 5**

**Nótaí an mhúinteora**

*Ag fanacht le téama na draíochta, táimid chun Siombail nó pictiúr draíochta a chruthú a sheasfaidh don phost nó don ghairm bheatha ar mhaith leat a bheith agat amach anseo. Seasfaidh an tSiombail seo don phost nó don ghairm bheatha ar mhaith leat a bheith agat féin amach anseo.*

*Breathnaímis ar shampla den chaoi a gcruthóimid Siombail.*

*Céim a haon is ea na gutaí go léir i d'abairt stoic 'Ba mhaith liom' a aithint (gutaí = a, e, i, o agus u).*

*Feicfidh tú go bhfuil dath corcra ar na gutaí sa sampla atá ar an sleamhnán. Déanfaidh tú d'abairt a athscríobh gan ghutaí ansin.*

*Céim a dó is ea na háiteanna a bhfuil níos mó ná ceann amháin de gach consan (litreacha nach gutaí iad) i d'abairt stoic 'Ba mhaith liom' a aithint.*

*Sa sampla atá ar an sleamhnán tá 3 litir 't'. Níl ach 't' amháin á choinneáil againn agus bainfimid an dá cheann eile a bhfuil dath corcra orthu.*

*Déanfaidh tú d'abairt a athscríobh gan na consain dhúbláilte ansin.*

*Céim a trí is ea na litreacha atá fágtha a thógáil agus bealaí éagsúla a thriail leo.*


*Sa sampla atá ar an sleamhnán, athluadh na litreacha thíos agus in ord cúlaitheach, ansin chuidigh na cruthanna a rinneadh agus na litreacha ag teacht le chéile leis an tSiombail chríochnaithe a dhéanamh. Is é a chaithfidh tú a dhéanamh ná leanúint de do dhearadh a thriail go dtí go gceapann tú go bhfuil cuma dhraíochtach air. Cuidíonn sé uaireanta do leathanach a iompú thart agus do leaganacha éagsúla a chruthú. D'fhéadfadh rud éigin atá cosúil leis an sampla atá ar an sleamhnán, a bhfuil línte agus cuair ann, a bheith agat, nó d'fhéadfadh pictiúr d'fhéileacán nó d'ainmhí a bheith agat. Braitheann sé sin ar an mbrí a bhaineann leis na litreacha duitse.*

Iarr ar na scoláirí a Siombail chríochnaithe a thaispeáint.

Má tá na scoláirí toilteanach, seans go roinnfeadh siad an abairt bhunaidh stoic a bhí acu.

*Gearr/stróic do Shiombail sa chaoi go bhfuil sí ar phíosa níos lú páipéir. Beidh sé seo ag teastáil arís uainn go gairid.*

*Ná déan dearmad do Loga Straitéisí Foghlama agus Teagaisc do Ghníomhaíocht 2 a chomhlánú* (féach Aonad 2 le haghaidh an Loga Straitéisí Foghlama agus Teagaisc).




**SLEAMHNÁN 6**

**Nótaí an mhúinteora (*Cliceáil le haghaidh 3 bheochan)**

*Is é an spreagadh a ghríosaíonn daoine chun tosú agus leanúint ar aghaidh ag gníomhú nó ag iompar i dtreo sprioc a bhaint amach. Is é an spreagadh is cúis a bhfuil rud éigin uair ar an gcéad dul síos agus is é an rud a choinníonn tú ag dul fiú nuair a éiríonn an cás dian nó deacair.*


*Bíonn spreagadh éagsúil ag daoine chun obair a dhéanamh chun post ar leith a fháil nó chun dul isteach i ngairm bheatha ar leith.*

*Breathnaímis ar roinnt rudaí a dúirt múinteoirí nuair a fiafraíodh díobh céard a spreag siad chun bheith ina múinteoirí.*

*Tar éis gach sleachta, stop agus breac síos aon rud a cheapann tú gur fiú a thabhairt faoi deara – b'fhéidir go mothaíonn tú mar an gcéanna nó nach mothaíonn, nó b'fhéidir gur smaoineamh nó tuairim é a spreag sliocht an mhúinteora ionat.*

*** Cliceáil** chun 3 shliocht as a chéile ó mhúinteoirí a bheochan.

*Pléigh na sleachta seo agus aon rud a thug tú faoi deara le páirtí.*




**SLEAMHNÁN 7**

***Nótaí an mhúinteora***

*Léirítear leis na sleachta ar an sleamhnán roimhe seo go spreagtar daoine tabhairt faoin múinteoireacht ar chúiseanna éagsúla:*

- dúspéis nó suim in ábhar
- dúil in obair le páistí agus daoine óga
- an sampla a thug a gcuid múinteoirí spreagúla féin
- fonn cuidiú le scoláirí

*Is spreagthaí intreacha iad seo go léir, arb é is brí leis sin go dtagann an spreagadh astu féin. Baineann na múinteoirí sult, taitneamh agus forbairt nó fás pearsanta as a bpost. An féidir leat smaoineamh ar aon spreagthaí intreacha eile tabhairt faoin múinteoireacht?*

*Tá roinnt spreagtha seachtrach, arb é is brí leis sin ná go ndéanann tú rud éigin chun luach a fháil (airgead, duais, moladh, cáil, cumhacht) nó toisc gur mhaith leat pionós a sheachaint.  An féidir leat smaoineamh ar aon spreagthaí seachtracha tabhairt faoin múinteoireacht?*

**NB**: Ag brath ar an rang atá agat, b'fhéidir gur mhaith leat na rudaí a spreag tú tabhairt faoin múinteoireacht a chur in iúl, cé acu a bhí tú i gcónaí ag iarraidh é a dhéanamh nó

ar shocraigh tú uirthi tar éis duit tabhairt faoi ghairm bheatha nó réimse oibre eile. Iarr ar na scoláirí a aithint  cé acu ar spreagthaí intreacha, seachtracha nó meascán den dá rud sin iad na spreagthaí a bhí agat.

*Nuair a fhiafraítear de mhúinteoirí céard a spreag siad tabhairt faoin múinteoireacht, is minic a luann siad spreagthaí intreacha amháin. An gcuireann sé seo iontas ort? Cén fáth a gcuireann/nach gcuireann?*

*Smaoinímis anois ar na spreagthaí intreacha/seachtracha atá againn ó thaobh na gairme beatha ar mhaith linn a bheith againn amach anseo.*

*Tóg amach do Shiombail dhraíochta 'Ba mhaith liom' arís.*

*Cuir an leathanach san fhormáid tídhreacha.*

*Cuir do Shiombail i lár an pháipéir.*

*Roinn an leathanach ina dhá leath – tá taobh amháin de le haghaidh spreagthaí intreacha agus tá an taobh eile de le haghaidh spreagthaí seachtracha.*

*Scríobh nó tarraing rud éigin faoi na spreagthaí atá agat, agus á gcur ar thaobh na spreagthaí intreacha nó ar thaobh na spreagthaí seachtracha den leathanach.*

*Labhair leis an duine in aice leat má chuideoidh sé sin leat an tasc seo a chur i gcrích.*

**NB**: Ag brath ar an rang atá agat, b'fhéidir gur mhaith leat aiseolas a fháil ó roinnt scoláirí.

*Céard atá níos tábhachtaí – spreagadh intreach nó spreagadh seachtrach? Cén fáth?*

*Tá an dá chineál spreagtha tábhachtach. Mar sin féin, tá spreagadh intreach thar a bheith tábhachtach chun tosú agus chun leanúint ar aghaidh nuair atá dúshláin romhat nó nuair is crua don chailleach.*

*Mar shampla, aon duine ar mhaith leo a bheith ina múinteoirí bunscoile nó ina múinteoirí Gaeilge i meánscoil nó ina múinteoirí d'aon ábhar i nGaelcholáiste, ní mór dóibh Gaeilge ardleibhéil a dhéanamh san Ardteistiméireacht. B'fhéidir go mbeadh sé sin dúshlánach do roinnt daoine, ach má tá go leor spreagtha acu déanfaidh siad tréaniarracht chun a sprioc a bhaint amach, lena n-áirítear, más gá, eolas a fháil faoin gcuidiú agus faoin tacaíocht atá ar fáil agus na deiseanna sin a thapú.*

*Samplaí den tacaíocht atá ar fáil do dhaoine óga ar mian leo cáilíocht ollscoile a bhaint amach is ea na scéimeanna BRA agus DARE.*

*Ar chuala aon duine faoi na scéimeanna seo?*

*Is éard atá i gceist le BRA ná tacaíocht dóibh siúd atá ag fágáil na scoile atá faoi aois 23 a thagann ó theaghlaigh ar ioncam íseal, a d'fhreastail ar scoil nó a thagann as áit a mheastar a bheith faoi mhíbhuntáiste.*

**NB**: Ag brath ar an rang atá agat, b'fhéidir gur mhaith leat a rá leis na scoláirí cé acu a mheastar go bhfuil a scoil/áit chónaithe faoi mhíbhuntáiste nó nach meastar.


Tá tuilleadh eolais, lena n-áirítear físeáin ghearra, maidir leis an scéim BRA ar fáil anseo: BRA - Rochtain a Fháil ar an gColáiste

*Is éard atá i gceist le DARE ná tacaíocht dóibh siúd atá ag fágáil na scoile atá faoi aois 23 ag a bhfuil ceann amháin nó níos mó de na riochtaí nó na míchumais atá ar liosta lena n-áirítear NEA nó NHEA, Disléicse, Diospraicse agus eile, agus ar féidir leo a chruthú go raibh drochthionchar aige sin ar an oideachas meánscoile a fuair siad.*

Tá tuilleadh eolais, lena n-áirítear físeáin ghearra, maidir leis an scéim DARE ar fáil anseo: DARE- Rochtain a Fháil ar an gColáiste

**NB**: Tabhair sonraí maidir le haon eolas nó taithí atá agat ar rochtain a bheith ag scoláirí ar cheachtar de na scéimeanna BRA nó DARE. Spreag aon duine ar mhaith leo tuilleadh eolais a fháil faoi na scéimeanna BRA nó DARE chun labhairt le comhairleoir gairmthreorach na scoile.

*Ná déan dearmad do Loga Straitéisí Foghlama agus Teagaisc do Ghníomhaíocht 2 a chomhlánú* (féach Aonad 2 le haghaidh an Loga Straitéisí Foghlama agus Teagaisc).




**SLEAMHNÁN 8**

**Nótaí an mhúinteora (*Cliceáil le haghaidh 1 bheochan)**

*In Aonad 1 de Chonairí, bhreathnaíomar ar na scileanna agus na buanna atá againn agus rinneamar machnamh ar conas arbh fhéidir linn leas a bhaint as na scileanna agus na buanna sin chun sprioc ghearrthréimhseach a bhaint amach.*

*In Aonad 2 de Chonairí, bhreathnaíomar ar na stíleanna foghlama atá againn.*

*Bhíomar ag díriú inniu ar na spriocanna gairme beatha agus na spreagthaí atá againn a mhéid a bhaineann leis na spriocanna sin.*

Roinn an rang i ngrúpaí beaga.

***Cliceáil** chun ceisteanna plé na hoibre grúpa a bheochan.


Léigh trí na ceisteanna atá ar an sleamhnán.

Iarr ar na scoláirí na ceisteanna seo a phlé ina ngrúpa.

Faigh aiseolas ó roinnt grúpaí.

*Ná déan dearmad do Loga Straitéisí Foghlama agus Teagaisc do Ghníomhaíocht 3 a*

*chomhlánú* (féach Aonad 2 le haghaidh an Loga Straitéisí Foghlama agus Teagaisc).




**SLEAMHNÁN 9**

**Nótaí an mhúinteora (*Cliceáil le haghaidh 1 bheochan)**

Iarr ar an rang an bhfuil aon duine sásta an téacs atá ar an sleamhnán a léamh os ard.

*Tá rud éigin ag gach duine ar fiú a roinnt nó duine éigin eile a chur ar an eolas faoi.*

Roinn an rang ina phéirí.

*Cérbh iad na gníomhaíochtaí a sheas amach duit sna trí aonad Conairí?*

Ag brath ar an rang atá agat, b'fhéidir go mbeidh ort meabhrú do na scoláirí, mar shampla:

- In Aonad 1, bhreathnaíomar ar scileanna agus ar bhuanna na ndaoine óga a luadh i Leabhar Curiarrachtaí Domhanda Guinness agus d'aithníomar na scileanna agus nua buanna atá againn féin, chuireamar iad sin in iúl i ngrúpaí beaga agus rinneamar iad a nascadh le príomhscileanna na sraithe sóisearaí.
- In Aonad 2, rangaíomar straitéisí éagsúla foghlama agus teagaisc, bhreathnaíomar ar an bpirimid foghlama, agus rinneamar tráth na gceist chun a aithint cé acu is amharcfhoghlaimeoirí, foghlaimeoirí ó chluas nó foghlaimeoirí

cinéistéiseacha muid.


- In Aonad 3, chruthaíomar Siombail bunaithe ar na gairmeacha beatha ar mhaith linn a bheith againn, agus bhreathnaíomar ar na spreagthaí agus ar na tacaíochtaí a chuideoidh linn na gairmeacha beatha sin a bhaint amach.

***Cliceáil** chun ceist oibre grúpa a bheochan.

Iarr ar na scoláirí ní hamháin céard a mhúinfidís (ábhar, scileanna) a chur san áireamh, ach conas a mhúinfidís é seo freisin, agus iad ag cuimhneamh ar an raon stíleanna foghlama sa seomra ranga.

Iarr ar roinnt péirí a n-achoimre cheachta a chur i láthair.

*Ná déan dearmad do Loga Straitéisí Foghlama agus Teagaisc do Ghníomhaíocht 3 a chomhlánú* (féach Aonad 2 le haghaidh an Loga Straitéisí Foghlama agus Teagaisc).




**SLEAMHNÁN 10**

Léigh gach intinn foghlama os ard.

Iarr ar na scoláirí ordóg a chur in airde má bhraitheann siad go bhfuil an intinn foghlama bainte amach acu, ordóg a chur síos má tá tacaíocht ag teastáil uathu gus dorn a thaispeáint mura bhfuil siad cinnte.




**SLEAMHNÁN 11**

**Nótaí an mhúinteora**

Tá an ghníomhaíocht bhreise a mholtar ar an sleamhnán seo nasctha le Gníomhaíocht 3 (Sleamhnáin 6 & 7).

Tionscadal Conaire
Institiúid Oideachais
Ollscoil Chathair
Bhaile Átha Cliath

DCU

HEA | HIGHER EDUCATION AUTHORITY
AN tÚDARÁS um ARD-OIDEACHAS